Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10411/23**

**AG 48**
**INST 209**
**JAI 822**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 311 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Togra le haghaidh comhlacht eitice idirinstitiúideach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 311 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 311 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2023
COM(2023) 311 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Togra le haghaidh comhlacht eitice idirinstitiúideach**

## 1. Réamhrá

Ní bheidh rath ar dhaonlathas an Aontais Eorpaigh ach amháin i dtimpeallacht ina bhfuil muinín agus iontaoibh idir na daoine agus na hinstitiúidí a fhónann dóibh. Níl daonlathas chomh láidir ach leis an dlisteanacht ar a bhfuil sé bunaithe. Ní athraíonn sé sin riamh agus tá sé níos tábhachtaí fós le linn géarchéimeanna iomadúla a théann i bhfeidhm go mór ar dhaoine ar fud an Aontais, daoine a chaithfidh a bheith in ann iontaoibh a bheith acu in institiúidí an Aontais agus as na daoine atá i gceannas orthu. Is cuid riachtanach den dea-rialachas é creat láidir eitice agus trédhearcachta agus cuidíonn sé le feiniméin eile ar nós éilliú agus cur isteach míchuí ar an bpróiseas daonlathach a chosc.

Tá ardchaighdeáin rialachais agus eitice ag an Aontas Eorpach cheana féin. Sa gcás ina dtiteann siad as feidhm nó a dteipeann orthu, tá rialacha agus nósanna imeachta aige chun iad a cheartú. Chun iontaoibh na saoránach in institiúidí an Aontais agus a gceannairí a chaomhnú agus a neartú ar bhonn leanúnach, tá prionsabail arda na sláine agus na trédhearcachta riachtanach, agus ní mór seasamh go hiomlán leo. Tá na prionsabail sin riachtanach freisin chun neamhspleáchas na n-institiúidí agus sláine an phróisis cinnteoireachta i ngach ceann acu chomh maith le dlisteanacht an Aontais ina iomláine a chosaint. Chun go mbeidh siad oiriúnach don chuspóir agus chun freagairt d'éilimh na saoránach, ní mór leanúint de na rialacha agus na nósanna imeachta sin a thabhairt cothrom le dáta.

Dá bhrí sin, tá an tionscnamh seo comhleanúnach le gníomhaíocht an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta, leis an bpacáiste frithéillithe[1] a thíolaic an Coimisiún an 3 Bealtaine, leis an bpacáiste um chosaint an daonlathais atá ar na bacáin agus leis an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta éigeantach a tugadh i gcrích idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún an 20 Bealtaine 2021[2].

Is bunchloch í an eitic don bhealach a n-oibríonn institiúidí an Aontais agus na daoine a fhónann dóibh. Dá bhrí sin, tá roinnt prionsabal agus rialacha leagtha síos sna Conarthaí Eorpacha chun iompar cuí chomhaltaí na n-institiúidí a áirithiú maidir le neamhspleáchas agus sláine na n-institiúidí. Roghnaigh formhór na n-institiúidí na prionsabail agus na rialacha sin a chur chun feidhme ar bhealach níos mionsonraithe, bídís ina rialacha nós imeachta, nó i gCóid Iompair dá gcomhaltaí nó sa dá cheann.

Mar sin féin, tá creataí eitice éagsúla i bhfeidhm ag institiúidí an Aontais dá gcomhaltaí faoi seach, bunaithe ar na forálacha éagsúla sna Conarthaí. Cé gur féidir difríochtaí áirithe a mhíniú leis na róil éagsúla atá ag gach institiúid faoi na Conarthaí agus leis na rioscaí éagsúla a bhaineann le dualgais na gcomhaltaí a chomhlíonadh, is léir anois go bhfuil gá le tacar coiteann de bhunchaighdeáin eiticiúla agus le comhoibriú idir institiúidí.

[1] Frithéilliú: Rialacha níos láidre chun dul i ngleic leis an éilliú

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach, IO L 207, 11.6.2021, lgh. 1–17, EUR-Lex — 32021Q0611(01) — EN — EUR-Lex (europa.eu)

Léirigh an méid a tháinig chun solais agus na líomhaintí a tháinig chun cinn ag deireadh na bliana seo caite go bhfuil tionchar acu ar institiúidí uile an Aontais beag beann ar cá dtarlaíonn siad ná líon na ndaoine lena mbaineann. Mar thoradh air sin, tá gá le rialacha níos láidre ach freisin le hailíniú breise ar na rialacha agus ar na sásraí chun iad a fhorfheidhmiú chun ábhair imní a dhíbirt agus chun a áirithiú go bhfuil na rialacha is infheidhme comhleanúnach agus éasca le tuiscint ag na comhaltaí agus ag na saoránaigh araon.

Ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2019[3], tháinig an Chúirt Iniúchóirí ar an gconclúid go bhfuil creataí eitice leordhóthanacha curtha i bhfeidhm, den chuid is mó ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún (do chomhaltaí agus do bhaill foirne araon). Sainaithníodh ann freisin réimsí áirithe ina bhféadfaí an cumhdach, an tsainiúlacht, an tsoiléireacht agus an leibhéal treorach a fheabhsú agus a chomhchuibhiú. Sa tuarascáil, shainaithin an Chúirt freisin go bhféadfaí dea-chleachtas a roinnt idir institiúidí maidir le hábhair eiticiúla.

Mar sin féin, agus murab ionann agus baill foirne, lena n-áirítear bainisteoirí sinsearacha, a thagann faoi oibleagáidí eitice mionsonraithe arna leagan amach ag an reachtóir i dTeideal II de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh arna nglacadh ar bhonn Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[4], níl aon íoschaighdeáin eiticiúla chomhchoiteanna ann do chomhaltaí faoi láthair ná níl aon sásraí foirmiúla ann lenar féidir tuairimí maidir leis na caighdeáin eiticiúla a bhfuiltear ag súil leo óna gcomhaltaí a bhunú, a chomhordú nó a mhalartú idir na hinstitiúidí. Is í an bhearna sin, agus an easpa íoschaighdeán eiticiúil coiteann do chomhaltaí, atá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo a líonadh trína mholadh go gcruthófaí Comhlacht Eitice lena gcumhdaítear comhaltaí institiúidí uile an Aontais.

Tá glactha ag an gCoimisiún leis an togra seo le haghaidh comhaontú idir na hinstitiúidí agus an dá chomhlacht chomhairleacha lena gcumhdaítear na hinstitiúidí agus na comhlachtaí go léir a luaitear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Dá réir sin, tarchuirfear an togra seo chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún. Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta a bheith ina Pháirtí sa Chomhaontú seo a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

Déantar foráil sa chomhaontú atá beartaithe freisin maidir le socruithe lena gceadaítear do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na hinstitiúidí

---

[3] Tuarascáil speisialta uimhir 13/2019: Creataí eiticiúla institiúidí iniúchta an Aontais: scóip le haghaidh feabhsúcháin (europa.eu)

[4] Tá cearta agus oibleagáidí na foirne leagtha amach in Airteagal 11 go hAirteagal 26a; Le hAirteagal 10 bunaítear Coiste idirinstitiúideach um Rialacháin Foirne, foráiltear le hAirteagal 110 oibleagáid dul i gcomhairle leis an gCoiste Idirinstitiúideach um Rialacháin Foirne nuair a ghlacann institiúid forálacha ginearálta cur chun feidhme; chomh maith leis sin, déantar foráil ann maidir le hoibleagáid ar institiúidí dul i gcomhairle lena chéile go rialta maidir le cur i bhfeidhm na Rialachán Foirne, agus bunaítear clárlann de rialacha na n-institiúidí uile a chuireann Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh chun feidhme.

rannpháirteacha, an tacar iomlán de chaighdeáin choiteanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt ag an gComhlacht a chur i bhfeidhm go deonach maidir leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá cosúil leis na cinn a thagann faoin gcomhaontú seo. Sa chás sin, glacfaidh an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann páirt i malartú tuairimí leis an gComhlacht Eitice maidir lena rialacha inmheánacha faoi seach. Déanfar tuairimí a mhalartú nuair a fhorbrófar caighdeáin nua nó nuair a thabharfar na caighdeáin atá ann cheana cothrom le dáta.

**2. Cur chuige idirinstitiúideach maidir le heitic agus sláine**

Tá sé mar chuid de neamhspleáchas institiúideach gach institiúid, ar prionsabal de dhlí an Aontais é, na rialacha inmheánacha is infheidhme maidir lena chomhaltaí a ghlacadh. Mar sin féin, is chun leasa na saoránach agus na n-institiúidí uile é go bhfuil creat láidir eiticiúil i bhfeidhm ag gach ceann acu dá chomhaltaí. Braitheann cáil an Aontais ina iomláine ar chlú na n-institiúidí uile agus ar iompar eiticiúil a gcomhaltaí uile.

Cuireadh in iúl i dTreoirlínte Polaitiúla Uachtarán an Choimisiúin go dtacaíonn siad le comhlacht eitice idirinstitiúideach den sórt sin a chruthú agus tá an Coimisiún ag obair i dtreo na críche sin i gcomhar le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais ó shin i leith

Ina rún an 16 Meán Fómhair 2021, chuir Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir “*go bhféadfadh comhlacht eitice aonair neamhspleách AE cur chun feidhme comhsheasmhach agus iomlán na gcaighdeán eitice ar fud institiúidí AE a áirithiú ar bhealach níos fearr chun a ráthú go ndéanfar cinntí poiblí ar mhaithe leis an leas coiteann agus le hiontaoibh na saoránach in institiúidí AE*”.

Mar a mhínítear thuas, ceann de na moltaí sa Tuarascáil Speisialta[5] ón gCúirt Iniúchóirí maidir le creataí eiticiúla Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin is ea gur cheart do na hinstitiúidí iniúchta tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun dea-chleachtas a roinnt maidir le hábhair eiticiúla.

Tá sé tábhachtach, go deimhin, go ndéanfadh gach institiúid Eorpach rialacha soiléire a leagan síos agus a chur i bhfeidhm maidir le heitic agus trédhearcacht. Tá sé ríthábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfaidh na hinstitiúidí uile an méid seo a leanas:

- caighdeáin shoiléire, thrédhearcacha agus chomh hard céanna a chur i bhfeidhm maidir le sláine agus neamhspleáchas, agus aird chuí á tabhairt ar a ndifríochtaí nuair is iomchuí; agus
- go bhfuil sásraí éifeachtacha rialaithe agus forfheidhmithe den chineál céanna acu.

Is féidir le bunú Comhlacht Eitice idirinstitiúidigh fónamh go beacht chun é sin a bhaint amach, agus neamhspleáchas gach institiúide á chur san áireamh go hiomlán. Cuirfidh sé ar

[5] Tuarascáil speisialta uimhir 13/2019: Creataí eiticiúla institiúidí iniúchta an Aontais: scóip le haghaidh feabhsúcháin (europa.eu)

chumas na n-institiúidí rannpháirteacha tairbhe a bhaint as a dtaithí fhrithpháirteach, foghlaim óna chéile, agus tacar coiteann d'íoschaighdeáin eiticiúla a bhunú.

Bheadh feabhas suntasach mar thoradh ar thacar coiteann d'íoschaighdeáin, ar chultúr coiteann do chomhaltaí na n-institiúidí uile, ar thuiscint níos fearr a bheith ag an bpobal ar an gcreat eiticiúil, agus ar thuilleadh soiléireachta ar a bhfuil inghlactha agus nach bhfuil, do gach duine laistigh agus lasmuigh de na hinstitiúidí, agus ar an gcaoi a n-áirithíonn institiúidí cur i bhfeidhm cuí na rialacha.

Léireoidh an tionscnamh idirinstitiúideach seo an tábhacht a bhaineann le hardchaighdeáin eiticiúla chomh maith lena gcur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin rannchuideoidh sé le hiontaoibh sna hinstitiúidí agus sna gcomhaltaí a neartú.

Le bunú an Chomhlachta Eitice, beidh sásra foirmiúil ann, den chéad uair, chun comhordú agus malartú tuairimí a dhéanamh idir institiúidí agus chun caighdeáin choiteanna a bhunú le haghaidh iompar eiticiúil a gcomhaltaí.

Léirigh tionscnaimh eile lena rannchuidítear le hinstitiúidí oscailte trédhearcacha atá dírithe ar eitic a bhunú an tábhacht a bhaineann le cur chuige idirinstitiúideach cheana féin.

Maidir le foireann institiúidí an Aontais, d'éirigh leis na struchtúir agus na sásraí atá ann cheana cur chuige coiteann idirinstitiúideach a bhaint amach aon uair a éilíonn an t-ábhar é. Ar an gcéad dul síos, tá foireann na n-institiúidí uile faoi réir na n-oibleagáidí coiteanna agus mionsonraithe atá cumhdaithe in Airteagal 11 go hAirteagal 24 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, arna nglacadh ag an bParlaimint agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 336 CFAE. Áirithítear leis sin go gcuirfear caighdeáin agus rialacha comhionanna i bhfeidhm do státseirbhís iomlán an Aontais. Ghlac gach institiúid rialacha inmheánacha chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne seo, lena n-áirítear i réimse na heitice. Le go mbeidh trédhearcacht ann agus chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Rialachán Foirne a chur chun cinn, déantar na rialacha lena gcuirtear na Rialacháin Foirne chun feidhme a thiomsú i gclár atá ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus tá siad faoi réir tuarascála a chuireann an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach trí bliana (Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne) maidir leis na rialacha arna nglacadh ag gach institiúid chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne. Léirítear sa tuarascáil is déanaí[6] go raibh cóineasú breise ann i measc na n-institiúidí maidir le líon suntasach ábhar a bhaineann le rialacha cur chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear i réimsí na heitice agus na sláine.

Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sásraí seanbhunaithe comhordaithe do rialacha foirne, iarrann an Coimisiún ar na hinstitiúidí uile a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne scrúdú a dhéanamh, mar ábhar tosaíochta, ar an deis chun dea-chleachtais a roinnt, ar na

[6] Tuarascáil an 28 Bealtaine 2021 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach institiúide chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne(COM(2021) 258 críochnaitheach)

ceachtanna a foghlaimíodh agus, i gcás inar gá, ar réimsí chun na rialacha don fhoireann a ailíniú tuilleadh. Is féidir tabhairt faoin obair seo ar leibhéal Choláiste na gCeann Riaracháin. Tá baill foirne lasmuigh de raon feidhme an chomhaontaithe seo, ós rud é go bhfuil sásraí comhordaithe idirinstitiúideacha ann cheana féin le haghaidh ábhair eiticiúla na mball foirne. Laistigh de theorainneacha na Rialachán Foirne agus trí Choláiste na gCeann Riaracháin, ba cheart do na Páirtithe sa chomhaontú seo gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad a ndícheall chun leibhéal caighdeán a bhaint amach atá coibhéiseach leis na caighdeáin arna nglacadh ag an gComhlacht a mhéid a bhaineann le hArd-Stiúrthóirí agus a gcoibhéis. Leis an idirphlé idirinstitiúideach, ba cheart féachaint an bhféadfaí rialacha agus cleachtais a bhaineann le foilsiú chruinnithe a mbainisteoirí sinsearacha le heagraíochtaí agus le daoine féinfhostaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le cinnteoireacht agus le cur chun feidhme beartas san Aontas a ailíniú mar chuid den idirphlé le páirtithe leasmhara. Tá an Coimisiún réidh lena thaithí a roinnt, ag tógáil ar bheagnach 10 mbliana de chur chun feidhme a chinnidh inmheánaigh maidir leis an ábhar[7].

Ag tógáil ar an taithí dhearfach a fuarthas maidir le comhaontú a tugadh i gcrích roimhe seo in 2014, tugadh an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Clár éigeantach Trédhearcachta i gcrích in 2021 idir an Coimisiún, an Pharlaimint agus, den chéad uair, an Chomhairle agus léiríonn sé a ábhartha atá cur chuige idirinstitiúideach maidir leis sin. Bunaítear leis an gcomhaontú seo prionsabail agus rialacha le haghaidh cur chuige comhordaithe maidir le hionadaíocht leasa thrédhearcach agus eiticiúil araon, agus maidir le hidirghníomhaíochtaí trédhearcacha agus eiticiúla idir na trí institiúid sin de chuid an Aontais agus ionadaithe leasa ar leibhéal an Aontais.

Is sampla eile d'ábharthacht an chur chuige idirinstitiúideach maidir le rialacha eitice agus sláine a chur chun feidhme é Comhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[8]. Áirithítear leis an gcomhaontú go ndéanfar imscrúduithe faoi choinníollacha coibhéiseacha in institiúidí uile an Aontais.

## 3. Comhlacht eitice idirinstitiúideach

### 3.1. Comhdhéanamh

[7] Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le foilsiú faisnéise faoi chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine aonair féinfhostaithe, IO L 343/19, 28 Samhain 2014

[8] Meabhraítear sa chomhaontú gur féidir le OLAF (de bhun Chinneadh 1999/352) ón gCoimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar chásanna tromchúiseacha a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ina mainneachtain oibleagáidí oifigigh nó sheirbhísigh eile an Aontais a chomhlíonadh a bhféadfadh imeachtaí araíonachta nó, i gcásanna iomchuí, imeachtaí coiriúla a bheith mar thoradh orthu nó mainneachtain oibleagáidí comhchosúla na gcomhaltaí, na mbainisteoirí nó na mball foirne nach bhfuil faoi réir na Rialachán Foirne a chomhlíonadh.

Is é an cúram atá ar an gcomhlacht íoschaighdeáin eiticiúla chomhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh iompar chomhaltaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha a liostaítear in Airteagal 13 CAE agus, má iarrann sé páirt a ghlacadh, an Banc Eorpach Infheistíochta.

Beidh an Comhlacht Eitice comhdhéanta de chomhalta amháin ó gach foras rannpháirteach, atá leagtha amach sa Chomhaontú mar "Pháirtí". Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Comhlacht go réidh agus go leanúnach, ainmneoidh gach Páirtí lánchomhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

Is ar leibhéal Leas-Uachtaráin a bheidh ionadaí Páirtí, i bprionsabal. Is gá, áfach, na sainiúlachtaí a bhaineann le ról gach institiúide a chur san áireamh. Sin é an fáth a bhforáiltear sa Chomhaontú atá beartaithe go dtabharfar solúbthacht do gach Páirtí chun ionadaí seachas Leas-Uachtarán a cheapadh, i gcás nach ann d'aon fheidhm den sórt sin laistigh den Pháirtí, nó nach mbeadh rogha den sórt sin iomchuí.

Déanfar uainíocht bhliantúil i gcomhréir leis an seicheamh a leagtar amach in Airteagal 13 CAE ar fheidhm Chathaoirleach an Chomhlachta. I gcás ina mbeidh an Banc Eorpach Infheistíochta ina Pháirtí iomlán, beidh an chathaoirleacht bhliantúil aige tar éis an seicheamh a leagtar amach in Airteagal 13 CAE a bheith tarlaithe.

Déanfaidh cúigear saineolaithe neamhspleácha obair an Chomhlachta a threorú, ar saineolaithe iad a ghníomhóidh mar bhreathnóirí agus a cheapfar de réir nós imeachta a bhunóidh an Coimisiún agus ag féachaint dá n-inniúlacht, dá dtaithí ar fheidhmeanna ardleibhéil, dá neamhspleáchas agus dá gcáilíochtaí gairmiúla. Freastalóidh siad ar gach cruinniú den Chomhlacht agus tabharfaidh siad comhairle maidir le haon cheist eiticiúil a bhaineann le sainordú an Chomhlachta. Tabharfaidh siad tuairim freisin le haghaidh malartú tuairimí an Chomhlachta maidir le rialacha inmheánacha an Pháirtí a ailíniú leis na caighdeáin.

Agus na saineolaithe neamhspleácha á gceapadh acu, féachfaidh na páirtithe le cothromaíocht inscne a áirithiú.

Tacóidh rúnaíocht le comhaltaí an Chomhlachta, ar comhstruchtúr oibríochtúil í a bheidh á hóstáil go foirmiúil sa Choimisiún. Beidh sí comhdhéanta de na cinn aonaid, nó a gcoibhéis, atá freagrach as eitic do chomhaltaí i ngach institiúid rannpháirteach agus as a bhfoireann faoi seach a ainmneofar chun na críche sin. Gníomhóidh an duine a bhfuil an post sin aige sa Choimisiún mar Chomhordaitheoir don rúnaíocht, mura n-ainmneoidh an Coimisiún duine eile i gcomhaontú leis na Páirtithe.

### 3.2.Cúraimí

Beidh trí phríomhchúram ar an gComhlacht:

- Íoschaighdeáin choiteanna is infheidhme maidir leis na Páirtithe uile agus maidir lena gcomhaltaí a fhorbairt, chomh maith lena n-athbhreithniú a thionscnamh, de réir mar is gá;

- malartuithe tuairimí a thionól ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanann Páirtí ar ailíniú a rialacha inmheánacha féin leis na caighdeáin dá dtagraítear thuas;
- comhar a chur chun cinn i measc na bPáirtithe maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann le hiompar a gcomhaltaí chomh maith le malartuithe le haon chomhlacht poiblí eile nó le haon eagraíocht idirnáisiúnta eile a bhfuil a gníomhaíochtaí ábhartha maidir le rialacha nó caighdeáin eitice agus ionracais.

Fanfaidh glacadh rialacha agus nósanna imeachta eiticiúla agus a gcur i bhfeidhm maidir le cásanna aonair i gcónaí le gach institiúid, agus lánurraim á tabhairt dá uathriail agus dá neamhspleáchas.

Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na hinstitiúidí rannpháirteacha, an tacar iomlán d'íoschaighdeáin choiteanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt ag an gComhlacht a chur i bhfeidhm go deonach i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá cosúil leis na cinn a thagann faoin gcomhaontú seo. Sa chás sin, glacfaidh siad páirt i malartú tuairimí le comhaltaí an Chomhlachta Eitice maidir lena rialacha inmheánacha a bhaineann le réimsí inar forbraíodh caighdeáin. Ainmneoidh siad ionadaí ar mhaithe leis an malartú tuairimí áirithe sin. Déanfar an malartú céanna tuairimí nuair a fhorbrófar caighdeáin nua nó nuair a thabharfar na caighdeáin atá ann cheana cothrom le dáta.

### 3.3. Réimsí a bhaineann le caighdeánú

Déanfaidh an Comhlacht íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt i líon sainithe réimsí a thabharfaidh aird chuí ar thábhacht na réimsí sin ó thaobh neamhspleáchas agus ionracas na gcomhaltaí agus na n-institiúidí lena mbaineann siad. Ba cheart a áireamh sna caighdeáin freisin gníomhaíochtaí chun cur chun cinn (ardú feasachta) agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh i ngach institiúid. Féadfaidh aon pháirtí, tráth ar bith, a mholadh don Chomhlacht, a chinnfidh trí chomhthoil, íoschaighdeáin choiteanna a fhorbairt i réimsí eile. Ní mór na caighdeáin a bheith coiteann do na Páirtithe uile agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a cheapadh ar bhealach lena n-urramaítear go cuí a suíomh nó a ról éagsúil institiúideach.

Ba cheart caighdeáin a bheith coiteann do na Páirtithe uile agus go dtabharfadh siad aghaidh ar na rioscaí a bhíonn le sárú ag Páirtithe agus —ag a gcomhaltaí. Ní bheidh na caighdeáin arna bhforbairt ag an gComhlacht, in imthosca ar bith, ina bhforas chun na caighdeáin a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm cheana ag páirtí ar an ábhar céanna a ísliú.

Bainfidh na caighdeáin leis na réimsí seo a leanas:

- **caighdeáin maidir le leasanna agus sócmhainní atá le dearbhú:** D'fhéadfadh leasanna agus sócmhainní áirithe comhaltaí coinbhleacht leasa a chruthú i gcomhlíonadh dhualgais an chomhalta nó a bheith ábhartha ar shlí eile chun dualgais an chomhalta a chomhlíonadh. Chuideodh caighdeáin choiteanna le gach Páirtí machnamh a dhéanamh ar na catagóirí leasanna agus sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do neamhspleáchas agus do shláine na gcomhaltaí. Ba cheart go léireodh caighdeáin

choiteanna freisin na rialacha agus na nósanna imeachta iomchuí atá sna hinstitiúidí uile ar cheart iad a chur i bhfeidhm chun grinnscrúdú a dhéanamh ar na dearbhuithe sin.

- **caighdeáin maidir le taobh-ghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí seachtracha na gcomhaltaí**: tá sé fíor-riachtanach a áirithiú nach gcuirfidh feidhmiú na ngníomhaíochtaí sin, más ann is go dtarlaíonn siad, isteach ar an teacht atá ar chomhaltaí dá gcúraimí institiúideacha agus nach bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin neamhréireach le comhlíonadh a gcúraimí institiúideacha. Níor cheart go gcuirfeadh gníomhaíochtaí den sórt sin isteach ar neamhspleáchas na gcomhaltaí, agus, dá bhrí sin, níor cheart go gcothódh amhras i measc an phobail faoi neamhspleáchas na hinstitiúide lena mbaineann siad. Ba cheart do na caighdeáin aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a thagann as gníomhaíochtaí áirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleachtaí leasa nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht idir an neamhspleáchas riachtanach mar chomhalta agus comhlíonadh dualgas i ndáil leis na gníomhaíochtaí seachtracha sin, go háirithe nuair a fhaigheann siad luach saothair orthu.

- **caighdeáin maidir le glacadh le bronntanais, fáilteachas, taisteal a thairgeann tríú páirtithe**: ní chun gnóthachan pearsanta a bhaint as feidhmeanna oifige poiblí ná sainorduithe poiblí a chuirtear na feidhmeanna sin de chúram ar chomhaltaí. Nuair a théann siad níos faide ná luach cúirtéise siombalach nó nuair nach ndéantar iad a fhógairt, cruthaíonn glacadh bronntanas d'aon chineál nó fáilteachas ó fhoinsí lasmuigh den institiúid rioscaí coinbhleachtaí leasa agus amhras faoi thionchar, nó go bhféachfaí go raibh tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta. Cuideoidh na caighdeáin chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí sin.

- **caighdeáin maidir le glacadh le dámhachtainí/maisiúcháin/duaiseanna/onóracha le linn an tsainordaithe:** Amhail na mbronntanas agus an fháilteachais, d'fhéadfadh rioscaí maidir le coinbhleacht leasa agus easpa neamhspleáchais a bheith mar thoradh ar chomhaltaí glacadh le dámhachtainí/maisiúcháin/duaiseanna/onóracha ó fhoinsí lasmuigh den institiúid, mar gheall ghaireacht a chruthú leis an bhfoinse. Cabhróidh caighdeáin chun an measúnú ar an gcúis atá leis na honóracha nó leis an maisiúchán a ailíniú chomh maith leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do neamhspleáchas an chomhalta.

- **caighdeáin maidir le bearta coinníollachta agus trédhearcachta, go háirithe maidir le cruinnithe le hionadaithe leasa agus maidir lena bhfoilsiú:** is cuid de chóras daonlathach an Aontais é idirphlé leanúnach a bheith ann le páirtithe leasmhara agus le hionadaithe leasa atá ábalta ionchur luachmhar a chur ar fáil chun reachtaíocht nó beartais a thionscnamh agus a chur chun feidhme lena gcuirtear sainiúlachtaí an réimse lena mbaineann san áireamh go hiomlán. Tá sé riachtanach, áfach, go ndéanfaí an t-idirphlé sin a chumadh ar bhealach trédhearcach chun rioscaí a sheachaint don institiúid nó dá comhaltaí go bhféadfaí é a fheidhmiú — fiú de thaisme — ar mhaithe le grúpa leasa a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar iontaoibh an phobail agus ar leas ginearálta an Aontais Eorpaigh. Tá caighdeáin choiteanna áirithe ann maidir le cruinnithe le hionadaithe leasa agus maidir le foilsiú faisnéise ina leith ón gcomhaontú idirinstitiúideach maidir leis an gClár Trédhearcachta idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún, cé go bhfuil éagsúlacht sna rialacha agus sna cleachtais inmheánacha idir na trí institiúid agus leis sin is cosúil go bhfuil gá le caighdeáin choiteanna freisin. Tá feidhm ag bearta coinníollachta agus trédhearcachta maidir le réimsí eile seachas

cruinnithe agus foilsiú faisnéise ina leith, amhail rochtain ar áitribh institiúidí, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach chun ionadaíocht leasa atá trédhearcach agus eiticiúil a áirithiú. Ba cheart íoschaighdeáin choiteanna a fhorbairt freisin i ndáil leis na réimsí eile sin.

- **caighdeáin chun déileáil le gníomhaíochtaí iar-shainordaithe iarchomhaltaí agus a dtrédhearcacht:** tá riosca ag baint le gníomhaíochtaí iar-shainordaithe go n-úsáidfidh comhaltaí faisnéis íogair ar mhaithe le fostóir, cliant nó gairm nua, go n-úsáidfidh siad go míchuí teagmhálacha nó caidreamh arna mbunú faoin bpost roimhe sin chun tionchar a imirt ar chinntí na n-institiúidí amach anseo nó go gcaithfeadh siad amhras ar chinntí a ghlac sealbhóirí oifige poiblí le linn dóibh a bheith in oifig. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt i gcaighdeáin choiteanna ar na coinníollacha a bhaineann le húdarú gníomhaíochtaí den sórt sin, ar thrédhearcacht na ngníomhaíochtaí sin agus ar shrianta gaolmhara áirithe.

- **caighdeáin maidir leis an gcomhchreat a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus bearta leantacha a áirithiú i gcás sáruithe:** tá caighdeáin maidir le hiompar na gcomhaltaí riachtanach ach ní leor iad astu féin: ní mór iad a chomhlánú le sásraí cur chun feidhme agus faireacháin atá nithiúil agus éifeachtúil chomh maith le sásraí chun cultúr coiteann eitice agus sláine a neartú, go háirithe trí fhaisnéis agus ardú feasachta. Féadfaidh baint a bheith ag caighdeáin choiteanna leis na feidhmeanna comhairleacha inmheánacha a chabhraíonn leis na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ábhar áirithe, nó ar chomhaltaí go díreach, go háirithe comhdhéanamh comhlachtaí eitice inmheánacha agus a gcúraimí. Baineann siad freisin leis na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun obair leantach a áirithiú i gcás sáruithe. Féadfaidh baint a bheith ag caighdeáin freisin le sásraí trína bhféadfar amhras faoi shárú rialacha inmheánacha ag comhalta i réimse atá cumhdaithe ag na caighdeáin a thuairisciú do OLAF agus don institiúid lena mbaineann, lena n-áirítear bearta leantacha maidir leis an tuarascáil agus cosaint na ndaoine a thur tuairisc i gcoinne frithbhirt.

- **caighdeáin maidir le poiblíocht na faisnéise a bailíodh faoi na pointí roimhe seo**. Is gné lárnach an trédhearcacht d'Aontas daonlathach a bhfuil iontaoibh ag saoránach ann agus a dtacaíonn siad leis. Ba cheart don chomhlacht caighdeáin trédhearcachta a fhorbairt sna réimsí thuasluaite, i gcomhréir iomlán le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí[9], maidir le leasanna aonair a nochtadh mar shampla, trí dhearbhuithe sonracha chun amhras a sheachaint maidir le neamhspleáchas na gcomhaltaí agus na n-institiúidí lena mbaineann siad. Baineann trédhearcacht freisin leis na caighdeáin uile a fhorbraíonn an comhlacht chomh maith leis na rialacha uile is infheidhme i ngach institiúid i ngach réimse a chumhdaítear leis na caighdeáin a chur ar fáil don phobal go háirithe trí shuíomh gréasáin an chomhlachta.

[9] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, *IOL 295, 21.11.2018, lch. 39–98.*

### 3.4. **An Comhlacht san ailtireacht idirinstitiúideach**

Tacaíonn Treoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin le 'comhlacht eitice neamhspleách atá i gcoiteann ag gach institiúid' a chruthú toisc go bhfuil ról tábhachtach ag gach institiúid maidir le hiontaoibh san Aontas a chothú. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb é comhaontú idir na hinstitiúidí uile, bunaithe ar a neamhspleáchas institiúideach, an cur chuige riaracháin iomchuí toisc go gceadaítear leis go mbeidh institiúidí uile an Aontais rannpháirteach ann.

Le bunú an Chomhlachta, urramófar uathriail agus neamhspleáchas gach institiúide, chomh maith leis an gcothromaíocht institiúideach, agus na forálacha éagsúla sna Conarthaí maidir le comhaltaí na n-institiúidí éagsúla. Bunaítear leis na Conarthaí, agus go háirithe Airteagal 13(2) CAE, córas srianta agus ceartúchán ar leibhéal an Aontais: ní féidir cothromaíocht den sórt sin a chur ar ceal ná a leasú le comhaontú idir institiúidí an Aontais.

Ní chuirfidh inniúlachtaí an chomhlachta isteach ar shaincheart gach institiúide rialacha inmheánacha a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh maidir lena chomhaltaí. Tá cur i bhfeidhm na rialacha inmheánacha ar an bpríomhfhreagracht ar gach institiúid a fheidhmítear laistigh den chóras um chothromaíocht institiúideach lena srianta agus lena ceartúcháin arna mbunú leis na Conarthaí.

Beidh na caighdeáin a fhorbróidh an Comhlacht, áfach, ina íoschaighdeán comhchoiteann chun ailíniú tuilleadh a dhéanamh ar na creataí eitice is infheidhme maidir le comhaltaí na n-institiúidí rannpháirteacha go léir, gan a fhorchur orthu, áfach, glacadh le tacar aonair rialacha eiticiúla is coiteann do chách.

Ní chuirfidh an Comhlacht isteach ar fheidhmeanna imscrúdaitheacha ná ní dhéanfaidh iad a theorannú in aon slí (agus dá bhrí sin ní bheidh siad ag forluí) le cumhachtaí:

- An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a bhfuil cumhachtaí agus saineolas suntasach aici maidir le sáruithe tromchúiseacha ar dhualgais ghairmiúla na gcomhaltaí a imscrúdú. Ba cheart do gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht sainordú OLAF a aithint agus tacú leis ina iomláine;

- Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, ar féidir léi cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, lena n-áirítear nuair a dhéanann comhaltaí na n-institiúidí iad, agus ar féidir léi brath ar na cumhachtaí agus ar na bearta dá bhforáiltear le Rialachán (AE)2017/1939 ón gComhairle;

- údaráis náisiúnta phóilíneachta agus ionchúisimh ar féidir leo aon chion coiriúil arna dhéanamh ag comhalta a imscrúdú agus ar féidir leo brath ar na cumhachtaí agus ar na bearta a chuirtear ar fáil le nósanna imeachta coiriúla náisiúnta; áirítear leis sin cionta coiriúla a ionchúiseamh, amhail calaois agus éilliú, ar chuir an Coimisiún Pacáiste Frithéillithe i láthair ina leith an 3 Bealtaine, mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais in 2022. Áirítear sa phacáiste sin togra chun rialacha an Aontais maidir le sainmhínithe agus smachtbhannaí ar chionta éillithe a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhchuibhiú, chun ardchaighdeáin a áirithiú sa

chomhrac i gcoinne an éillithe, agus tá feidhm iomlán aige maidir le comhaltaí institiúidí uile an Aontais agus maidir le foireann an Aontais;

- Is féidir leis an Ombudsman Eorpach fiosrúcháin a oscailt maidir le hamhras faoi dhrochriarachán ag na hinstitiúidí agus a d'fhéadfadh rochtain a éileamh ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid atá i seilbh na n-institiúidí.

I gcomhréir leis na Conarthaí, chun an comhaontú seo a chur chun feidhme, déanfaidh na hinstitiúidí rannpháirteacha comhar dílis frithpháirteach a chleachtadh.

## 4. Conclúid

Ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, ina misin faoi seach, brath ar iompar dosháraithe a gcomhaltaí. Cé nach plé nua ar bith an plé maidir le comhlacht eitice idirinstitiúideach a chur ar bun, tá móiminteam as an nua agus diongbháilteacht láidir ann chun é a bhaint amach, agus saintréithe agus neamhspleáchas institiúidí éagsúla uile an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna. Cuirfidh bunú an chomhlachta leis an gcreat eiticiúil atá ann cheana agus cuideoidh sé le hiontaoibh in institiúidí an Aontais agus sna daoine a dhéanann freastal orthu a chomhdhlúthú agus a neartú. Beidh bunú an Chomhlachta seo ina chéim shuntasach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh institiúidí an Aontais Eorpaigh na caighdeáin is airde neamhspleáchais agus ionracais agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad.

Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag moladh comhaontú idir institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha uile an Aontais a luaitear in Airteagal 13 CAE atá i gceangal leis an Teachtaireacht seo. De mheon an chomhair dhílis, ba cheart do na hinstitiúidí lena mbaineann a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an dréacht-téacs atá i gceangal leis seo a luaithe is féidir, agus in am chun go bhféadfar an comhlacht eitice idirinstitiúideach a bhunú roimh na chéad toghcháin Eorpacha eile. Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta a bheith ina Pháirtí iomlán sa Chomhaontú seo i ndiaidh don Chomhaontú teacht i bhfeidhm. Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais seachas na Páirtithe a chinneadh an tacar iomlán de chaighdeáin choiteanna atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt ag an gComhlacht Eitice a chur i bhfeidhm go deonach i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir leis na ndaoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá comhchosúil leis na cinn a thagann faoin gcomhaontú seo. Sa chás sin, glacfaidh siad páirt i malartú tuairimí le comhaltaí an Chomhlachta Eitice maidir lena rialacha inmheánacha faoi seach a bhaineann le réimsí inar forbraíodh caighdeáin. Déanfar an malartú céanna tuairimí nuair a fhorbrófar caighdeáin nua nó nuair a thabharfar na caighdeáin atá ann cheana cothrom le dáta.

Tá an togra seo mar chuid de thacar gníomhaíochtaí níos leithne de chuid an Choimisiúin chun sláine a chothú agus chun córas daonlathach an Aontais a chosaint.

Mar a fógraíodh in aitheasc Staid an Aontais, chuir an Coimisiún pacáiste frithéillithe i láthair an 3 Bealtaine. Áirítear sa phacáiste treoir bheartaithe ina bhfuil rialacha nua agus neartaithe lena ndéantar cionta éillithe a choiriúlú agus pionóis a chomhchuibhiú ar fud an

Aontais, chomh maith le togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, le tacaíocht ón gCoimisiún, chun córas tiomnaithe smachtbhannaí de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a bhunú chun díriú ar ghníomhartha tromchúiseacha éillithe ar fud an domhain. Leis na bearta nua sin, leagtar béim láidir ar chosc agus ar chultúr sláine a chruthú, cultúr nach nglactar leis san éilliú agus ag an am céanna, neartaítear agus oibríonn siad i sineirge le huirlisí forfheidhmithe atá ann cheana amhail an Treoir maidir le Cosaint Sceithirí 2019.

Tionscnamh gaolmhar eile a fógraíodh san Aitheasc ar Staid an Aontais 2022 is ea an pacáiste um Chosaint an Daonlathais.

Déanfaidh na tionscnaimh sin, mar aon leis an togra reatha, socrú institiúideach an Aontais a neartú tuilleadh, rud a áiritheoidh leibhéal níos airde trédhearcachta agus sláine fós, agus, dá bhrí sin, a threiseoidh an iontaoibh atá ag saoránaigh an Aontais sa gcóras daonlathach.